An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Miontuairiscí

6 Deireadh Fómhair 2015

Tionóladh cruinniú den Chomhairle in Ionad Oideachais Dhroim Conrach, Coláiste Phádraig, Baile Átha Claith 9 ar 6 Deireadh Fómhair 2015.

I láthair: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Cathnia Ó Muircheartaigh, Yvonne Ní Mhurchú, Elaine Ní Neachtain, Sinéad Nic Giolla Cionnaigh, Deirbhile Nic Craith, Séamus Ó Fearraigh, Seán Mac Nia, Marina Ní Threasaigh, Robbie Cronin.
Aíonnna: Senan Turnbull (IPA)
Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Cathy Ní Chianaigh (Oifigeach Feidhmiúcháin)
Leithscéalta: Dairíona Nic Con Iomaire, Aindrias Ó Muimhneacháin

Roimh thús an chruinnithe, rinneadh cur i láthair faoin rialachas corparáideach agus freagrachtaí an bhoird ina leith.

Fáiltiú:
D'fháiltigh an Cathaoirleach roimh Cathy Ní Chianaigh, Oifigeach Feidhmiúcháin COGG; Marina Ní Threasaigh, An Roinn Oideachais agus Scileanna agus Robbie Cronin ón ASTI de bharr nach raibh siad i láthair ag an gcéad chruinniú boird.

Clár	Cur síos	Gníomh
1. Coimhlint Leasa	Cinneadh dréachtpholasaí Coimhlint Leasa a ullmhú.	Dréachtpholasaí um Choimhlint Leasa a chur faoi bhráid an bhoird.
2. Miontuairiscí 16 Iúil 2015	Glacadh le miontuairiscí 16 Iúil 2015 agus tugadh cead don Chathaoirleach iad a shíniú.	
3. **Nithe ag éirí astu nach bhfuil ar an gclár**	Dearbhaíodh gur seoladh litir chuig an	

	Aire Oideachais agus Scileanna le himní bhord COGG a léiriú i gcomhthéacs aitheantas DEIS do scoileanna agus scoláireachtaí 3ú leibhéal sa Ghaeltacht. Moladh scoileanna le stádas Gaeltachta a bheith san áireamh i mbronnadh scoláireachtaí seachas an scéim DEIS a athrú.	
4. Tuairisc an Chathaoirligh	Léirigh an Cathaoirleach a shástacht faoi fhreastal an Aire Jan O'Sullivan ar chéad chruinniú bord úr COGG. Luadh an fiúntas a bhaineann le tuairimí na ndaoine atá ar an talamh a phlé leis an Aire agus leis an bpríomhchigire i mbealach dearfach, oscailte. Tapófar an deis roinnt ábhar imní a bhaineann le cúraim COGG a ardú ag an gcruinniú i dTeach Laighean ar 7 Deireadh Fómhair.	
5. Roghnú leas-chathaoirligh	Toghadh Yvonne Ní Mhurchú mar leas-chathaoirleach d'aonghuth.	
6. Tuairisc Airgeadais	Cuireadh tuairisc nuashonraithe faoi bhráid na gcomhaltaí.	Tuairisc ar chaiteachas a ullmhú do chruinniú na Samhna.

7. **Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh**	**Foireann COGG:** Míníodh gur ceadaíodh 2 phost nua do COGG; Oifigeach Oideachais Bunscoile & Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile. Cuireadh próiséas earcaíochta ar siúl ach de bharr míthuisceana leis an Roinn níor aontaíodh conradh. Is gá próiseas úr, níos leithne a thosnú go luath arís. **Polasaí don oideachas Gaeltachta:** Beidh fóram ag an Roinn Oideachais ar 19 Deireadh Fómhair maidir le torthaí an chomhairliúcháin. **Meabhrán Tuisceana** Níl aon dul chun cinn ón uair a seoladh dréacht de Mheabhrán Tuisceana chuig an Roinn Oideachais ar 17 Lúnasa. **Dianchúrsa Gaeilge:** D'eirigh go geal leis an dianchúrsa a reáchtáladh i gCill Chainnigh i lár mhí Lúnasa. Tugadh cead don Phríomhfheidhmeannach dul chuig an mBruiséil ar 27 Samhain chun cur i láthair a dhéanamh do mhúinteoirí Gaeilge na scoileanna Eorpacha.	Lorgóidh an Príomhfheidhmeannach cruinniú leis an Roinn faoi na poist agus an próiseas earcaíochta. Ceist a chur ar an Roinn Oideachais faoi stádas an mheabhráin. Ionad a shocrú don bhliain seo chugainn. Tosnú ar an bpróiséas tairisceana.

	CNCM: **An Ghaeilge sa tSraith Shóisearach:** Ní bheidh an tsonraíocht nua don Ghaeilge á tabhairt isteach anois go dtí 2017. Ní bheidh gearrchúrsa Gaeilge á fhorbairt don tSraith Shóisearach mar a bhí beartaithe . Pléifear na leibhéil éagsúla don Ghaeilge, gnáth , ard agus leibhéal níos dúshlánaí dírithe ar na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ag an bhfóram comhairliúcháin. Pléifear freisin dhá leagan den sonrúcháin Gaeilge a chur ar fáil, ceann do na scoileanna atá ag feidhmiú trí mhéan an Bhéarla agus ceann eile do na scoileanna atá ag feidhmiú tri mhéan na Gaeilge.	
8. Plean Straitéiseach 2015 - 2018	Tugadh le fios go raibh dátaí mí-chruinne i bPlean Oibre 2015-2016. Faomhadh Plean Straitéise COGG. Pléadh cén ról atá ag COGG maidir le soláthar forbairt ghairmiúil leanúnach.	Leasófar an cháipéis agus scaipfear plean leasuithe.

9. Plean margaíochta	Pléadh na deacrachtaí maidir le hoideachasóirí a chur ar an eolas faoi na seirbhisí tacaíochta, na hacmhainní, na scéimeanna maoinithe srl atá ag COGG. Rinneadh roinnt moltaí leis an deacracht seo a shárú. Beidh an t-Oifigeach Feidhmiúcháin ag tabhairt faoi chúrsa lae sna meáin shóisialta i gceann cúpla seachtain. Moladh comhairleoir le saineolas ar chúrsaí bolscaireachta a lorg ar chonradh.	Conradh a shocrú le comhairleoir le saineolas cuí.
10. **Coiste agus Grúpaí Oibre**	**Coiste Iniúchta** Mhol an t-iniúchóir ceithre chruinniú a reáchtáil in aghaidh na bliana. **Coistí comhairleacha** Cinneadh coistí comhairleacha a bhunú le riachtanais na scoileanna mar a bhaineann le hobair COGG a aithint. Dhá chruinniú in aghaidh na bliana a reáchtálfar. Moladh dul sa tóir ar speisialtóirí áirithe chun bheith ina mbaill de na	Dátaí a shocrú le baill an choiste. Téarmaí tagartha na gcoistí le dréachtú.

	coistí chomh maith le léiriú spéise a fháil ón bpobal. Cinnteofar go mbeidh gach réigiún Gaeltachta clúdaithe sna coistí. **Eolaíocht & Gnó Iar-bhunscoile:** Tuairiscíodh go mbeidh sonraíocht nua don Eolaíocht agus don Ghnó á gcur i bhfeidhm sna scoileanna ó 2016 ar aghaidh agus go bhfuil práinn le háiseanna teagaisc a fhorbairt. **Creideamh bunscoile:** Pléadh an clár nua reiligiúin 'Grow in Love' agus na deacrachtaí agus an costas a bhainfeadh le haistriúchán den chlár a chur ar fáil. Cinneadh comhairleoir/múinteoir, le tuiscint cuí ar chúrsaí reiligiúin, a fhostú ar chonradh sealadach chun dul i mbun an tionscadail seo. Beidh an Foras Pátrúnachta ag eagrú comhdháil ar 9 Deireadh Fómhair. Beidh cúrsaí reiligiún agus ilchreideamh le plé.	Cinneadh seisiún comhairliúchán le múinteoirí a eagrú i bpáirt leis an SSM. Comhairleoir a earcú. Dul i dteagmháil leis na heaspaig faoin gcúrsa.
11. Comhfhreagras	Cuireadh ag COGG ionadaí a bheith i láthair ag Comhdháil an INTO ar Aoine 13/14 Samhain 2015. *Curaclam na Bunscoile – Tabhair do Thuairim*.	

	Pléadh an litir ag lorg tacaíochta le tionscadal TFC. Cinneadh breis eolais agus soiléiriú a lorg. Pléadh go gairid an ríomhphost faoin scéim phíolótach córas meantóireachta. Cuireadh siar é go dtí an chéad cruinniú eile. Pléadh an t-iarratas do ráiteas tacaíochta do NEPS ón gceardchumann IMPACT. Léiríodh imní faoi ráiteas oifigiúil ó COGG a thabhairt.	Socraíodh go lorgófaí breis eolais. Pléifear an maoiniú seo ag an gcéad cruinniú eile nuair atá an t-iarratas nuashonraithe. Lorgófar soiléiriú/comhairle ó Richard Egan, IMPACT.
12. Dátaí cruinnithe 2015 - 2016	Socraíodh na dátaí seo a leanas: > Dé Máirt 10 Samhain 2015 ag 11am >Dé Máirt 19 Eanáir 2016 ag 11am >Déardaoin 25 Feabhra 2016 ag 11am >Dé Máirt 19 Aibreáin 2016 ag 11am >Dé Máirt 14 Meitheamh 2016 ag 11am Socraíodh go mbeidh na cruinnithe ar siúl in Institiúid Oideachais Marino.	Seomra cruinnithe a chur in áirithe in Institiúid Oideachais Marino.
13. Aon ghnó eile		

Síniú an Chathaoirligh:

_____

Dónal Ó hAiniféin

Dáta: _____